2024/2923

25.11.2024

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2923 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20 Samhain 2024**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8308)*

**(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Galar víreasach tógálach is ea ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den speiceas gabhair nó den speiceas caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den speiceas gabhair nó den speiceas caorach, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den speiceas gabhair nó den speiceas caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Déantar ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a chatagóiriú mar ghalar i gcatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Foráiltear in Airteagal 21 agus Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go háirithe, maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, tar éis ráigeanna den ghalar sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(5) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi ráigeanna breise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair. Mar thoradh air sin, leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin chun na ráigeanna breise sin a chur san áireamh.

(6) Ó bhí an leasú is déanaí ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ann, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi dhá ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair: tá ceann acu lonnaithe in aonad réigiúnach Corinthia, agus tá an ceann eile lonnaithe i réigiún na Peilipinéise. Tá an dá ráig nua sin lonnaithe laistigh de theorainneacha imlíne na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna a tharla roimhe sin sna limistéir chéanna.

(7) Dá bhrí sin, agus leathadh an ionfhabhtaithe le plá na n-athchogantach beag á chur san áireamh, limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Ghréig san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, ba cheart iad a choigeartú a thuilleadh chun leathadh breise an ghalair sa Ghréig agus sa chuid eile den Aontas a chosc. Ní mór fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm ann a choigeartú freisin.

(8) Tá méid agus suíomh na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus staid eipidéimeolaíoch foriomlán an ionfhabhtaithe sin le plá na n-athchogantach beag sa Bhallstát lena mbaineann mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh. Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá riosca ard ann go leathfaidh an galar a thuilleadh, toisc gur tuairiscíodh na ráigeanna nua breis agus 11 seachtain tar éis na chéad ráigeanna a bheith deimhnithe sna haonaid réigiúnacha chéanna, rud a chuireann in iúl go bhfuil an galar i gcúrsaíocht go marthanach.

(9) An liosta de chriosanna cosanta agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, ba cheart iad a leasú dá réir sin.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132**

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2024 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2014 (IO L, 2024/2132, 31.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2132/oj).

*Airteagal 2*

**Seolaí**

Is chuig an Phoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

## A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

| Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha an chórais faisnéise galar ainmhithe den ráig | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Aonad réigiúnach Ilia**<br><br>GR-PPR-2024-00089 | An crios cosanta:<br>Those parts of the regional unit of Ilia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.851508, Long. 21.234786 (2024/89) | 23.11.2024 |
| | An crios faireachais:<br>Those parts of the regional unit of Ilia, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.851508, Long. 21.234786 (2024/89) excluding the areas contained in the protection zone | 3.12.2024 |
| | An crios faireachais:<br>Those parts of the regional unit of Ilia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.851508, Long. 21.234786 (2024/89) | 24.11.2024 – 3.12.2024 |
| **Aonad Réigiúnach Corinthia**<br><br>GR-PPR-2024-00017<br>GR-PPR-2024-00026<br>GR-PPR-2024-00030<br>GR-PPR-2024-00036<br>GR-PPR-2024-00037<br>GR-PPR-2024-00038<br>GR-PPR-2024-00040<br>GR-PPR-2024-00041<br>GR-PPR-2024-00042<br>GR-PPR-2024-00053<br>GR-PPR-2024-00055<br>GR-PPR-2024-00056<br>GR-PPR-2024-00057<br>GR-PPR-2024-00059<br>GR-PPR-2024-00065<br>GR-PPR-2024-00066<br>GR-PPR-2024-00068<br>GR-PPR-2024-00069<br>GR-PPR-2024-00073<br>GR-PPR-2024-00077<br>GR-PPR-2024-00078<br>GR-PPR-2024-00079<br>GR-PPR-2024-00080<br>GR-PPR-2024-00082<br>GR-PPR-2024-00083<br>GR-PPR-2024-00086<br>GR-PPR-2024-00087<br>GR-PPR-2024-00088 | An crios cosanta:<br>Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long. 22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56), Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, | 20.11.2024 |

| Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha an chórais faisnéise galar ainmhithe den ráig | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| | Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82), Lat. 37.88195842, Long. 22.5035147 (2024/83), Lat. 37.87550833, Long. 22.50396438 (2024/86), Lat. 37.89548333, Long. 22.481 (2024/87), Lat. 37.916877, Long. 22.331464 (2024/88). | |
| | An crios faireachais:<br>Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long. 22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56), Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82), Lat. 37.88195842, Long. 22.5035147 (2024/83), Lat. 37.87550833, Long. 22.50396438 (2024/86), Lat. 37.89548333, Long. 22.481 (2024/87), Lat. 37.916877, Long. 22.331464 (2024/88) excluding the areas contained in the protection zone | 29.11.2024 |

| Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha an chórais faisnéise galar ainmhithe den ráig | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| | An crios faireachais:<br>Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long. 22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56), Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82) Lat. 37.88195842, Long. 22.5035147 (2024/83), Lat. 37.87550833, Long. 22.50396438 (2024/86), Lat. 37.89548333, Long. 22.481 (2024/87), Lat. 37.916877, Long. 22.331464 (2024/88). | 21.11.2024 –29.11.2024 |

B. **Criosanna srianta breise**

| Réigiún | Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise a bhunaítear sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Réigiún na Teasáile** | The regional unit of Larisa | 4.11.2024-16.12.2024 |
| | The following regional units:<br>— Trikala<br>— Karditsa | 25.11.2024 |
| **Réigiún na Peilipinéise** | — In the regional unit of Corinthia, the following municipalities:<br>— Sikyona<br>— Xylokastro-Evrostina<br>— Velo-Vocha<br>— Nemea<br>— In the regional unit of Arcadia, the municipal unit of Levidi and the municipality of Gortynia<br>— In the regional unit of Argolis, the municipal unit of Alea excluding the areas included in any protection or surveillance zone. | 29.11.2024 |
| | — In the regional unit of Corinthia, the following municipalities:<br>— Sikyona<br>— Xylokastro-Evrostina<br>— Velo-Vocha<br>— Nemea<br>— In the regional unit of Arcadia, the municipal unit of Levidi and the municipality of Gortynia<br>— In the regional unit of Argolis, the municipal unit of Alea | 30.11.2024-29.12.2024 |
| **Réigiún na Gréige Thiar** | In the regional unit of Achaea the following municipal units:<br>— Aigeira<br>— Akrata<br>— Kleitoria<br>excluding the areas included in any protection or surveillance zone. | 29.11.2024 |
| | In the regional unit of Achaea the following municipal units:<br>— Aigeira<br>— Akrata<br>— Kleitoria | 30.11.2024-29.12.2024 |
| | The regional unit of Ilia, excluding the areas included in any protection or surveillance zone. | 2.12.2024 |
| | The regional unit of Ilia | 3.12.2024-1.1.2025 |